**Foirm Chláraithe**

# Cárta Cuairthe Dochtúra

**Faoi 8**

**Léigh 'Cabhair agus Eolas' ar lth. 4 led' thoil sula comhlánaíonn tú an fhoirm.**

Comhlánaigh na ceithre chuid den fhoirm seo. Comhlánaigh le do thoil i LITREACHA agus cuir tic ( ✓ ) sna boscaí singil atá curtha ar fáil nuair is cuí.

| **D'úsáid Oifigiúil Amháin:** |
|---|
| Uimhir thagartha: |
| Dáta Faighte: |

## Cuid 1A Sonraí an tuismitheora nó an chaomhnóra (tuismitheoir nó caomhnóir amháin)

| Ainm: | Sloinne: | Dáta breithe: Mar shampla: | Inscne: (Cuir tic le do thoil) | Uimhir PSP: Mar shampla: |
|---|---|---|---|---|
| | | 0 5 1 1 1 9 7 0 | | 1 1 1 1 1 1 1 A A |
| | | D D M M Y Y Y Y | ☐ F ☐ B | |

## Cuid 1B Sonraí teagmhála

Éirchód: ☐☐☐☐☐☐☐

Seoladh:

Fón Póca: ☐☐☐ – ☐☐☐☐☐☐☐

(D'fhéadfaí go seolfaí téacs chugat maidir le d'iarratas má chuirtear uimhir ar fáil) ☐

Fón lae:

Seoladh r-phoist:

## Cuid 1C Áit Chónaithe

An bhfuil do pháiste (nó páistí ina gcónaí agus an bhfuil sé ar intinn acu cónaí i bPoblacht na hÉireann ar feadh bliane ar a laghad? Tá ☐ Níl ☐

## Cuid 2 Sonraí do pháiste/páistí

| Ainm: | Sloinne: | Dáta breithe: Mar shampla: | Inscne: (Cuir tic le do thoil) | Uimhir PSP: Mar shampla: |
|---|---|---|---|---|
| | | 0 5 1 1 2 0 1 4 | | 1 1 1 1 1 1 1 A A |
| | | D D M M Y Y Y Y | ☐ F ☐ B | |
| | | D D M M Y Y Y Y | ☐ F ☐ B | |
| | | D D M M Y Y Y Y | ☐ F ☐ B | |
| | | D D M M Y Y Y Y | ☐ F ☐ B | |
| | | D D M M Y Y Y Y | ☐ F ☐ B | |
| | | D D M M Y Y Y Y | ☐ F ☐ B | |

## Cuid 3 Rogha DT

**Iarr le do thoil ar do rogha dochtúir teaghlaigh an chuid seo den fhoirm a chomhlánú.**

Má fhreastalaíonn do phaistí ar Dhochtúirí Teaghlaigh ar leith, beidh ort foirm chlárúcháin ar leith a chomhlánú do gach páiste agus ansin iarraidh ar gach DT an fhoirm ábhartha a shíniú.

Tábhachtach: Beidh ort do Dhochtúir Teaghlaigh glacadh le do pháiste /páistí mar othar/othair ar a bpainéal chun Cárta Cuare Dochtúra a fháil. Féadfaidh sé go leor ama a ghlacadh chun dochtúir teaghlaigh a aimsiú a ghlacann le hothair nua. Mura féidir leat do chéad rogha DT a fháil, bain triail as DT eile i do cheantar. Is féidir leat liosta de na dochtúirí teaghlaigh a sholáthraíonn seirbhísí Cárta Cuartaíochta Dochtúra a fháil ag www.medicalcard.ie nó glaoigh ar 0818 22 44 78.

Ainm DT:

Uimhir GMS:

Seoladh cleachtaidh:

Aontaím seirbhísí leighis a sholáthar don pháiste (nó páistí ) atá ainmnithe ar an bhfoirm chlárúcháin seo.

Síniú an DT:

Stampa GMS anseo:

## **Cuid 4** Fógra um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise

Déileálfaidh FSS le gach sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú mar chuid den iarratas seo mar fhaisnéis rúnda agus stórálfar go sabhailte iad. Nuair a fhaigheann FSS d'fhoirm iarratais chomhlánaithe agus aon doiciméid tacaíochta, déanfar taifead ríomhaire i d'ainm(neacha). Áireofar sa taifead seo an fhaisnéis phearsanta ábhartha a sholáthair tú féin nó do chéile/pháirtí (más cuí).

Úsáidfidh agus coinneoidh FSS an taifead seo chun críocha d'iarratas ar Chárta Cuairte Dochtúra/Dochtúra a phróiseáil. Féadfaidh FSS sonraí a sholáthair tú a úsáid freisin chun teagmháil a dhéanamh leat nó le do chéile/ pháirtí (más ábhartha) maidir le hincháilitheacht faoin Scéim, agus/nó maidir le seirbhísí a fuarthas bunaithe ar incháilitheacht a bronnadh. Ní nochtfaidh FSS an fhaisnéis phearsanta a thug tú do dhaoine nó d'eagraíochtaí eile mura bhfuil cead tugtha ag an duine lena mbaineann an fhaisnéis nó má cheanglaítear ar FSS é sin a dhéanamh de réir an dlí.

Tá ráiteas príobháideachta FSS ar fáil ag www.hse.ie.

## **Cuid 5** Dearbhú agus toiliú

Sula gcomhlánaíonn tú an chuid seo den fhoirm, léigh an t-eolas tábhachtach seo a leanas go cúramach, le do thoil. Míníonn sé cad a chiallaíonn sé nuair a thugann tú faisnéis dúinn le haghaidh d'iarratais. Sínigh agus cuir dáta thíos má aontaíonn tú leis an t-eolas ar an leathanach seo.  De réir an dlí, d'fhéadfaí fíneáil, príosúnacht nó an dá rud a ghearradh ar aon duine a thugann faisnéis bhréagach d'aon ghnó ar an bhfoirm seo, nó a choinníonn faisnéis a bhaineann le measúnú incháilitheachta do Chárta Cuairte Dochtúra siar d'aon ghnó.

Chomh maith leis sin, de réir an dlí, d'fhéadfaí fíneáil a ghearradh ar aon duine nach n-insíonn do FSS faoi athrú ar a gcúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar a n-incháilitheacht do Chárta Cuartaíochta Dochtúra. Nuair is cuí, tá sé de cheart ag FSS stádas incháilitheachta Chárta Cuartaíochta Dochtúra a athbhreithniú agus a athrú ag am ar bith.

**Dearbhú agus toiliú**

Léigh na ráitis seo le do thoil. Má aontaíonn tú leo, comhlánaigh agus sínigh nó marcáil an fhoirm thíos.

- Dearbhaím go bhfuil gnáthchónaí orainn in Éirinn. Ciallaíonn 'gnáthchónaí' go bhfuil tú i do chónaí in Éirinn agus go bhfuil sé ar intinn agat cónaí anseo ar feadh níos mó ná bliain amháin.
- Déanaim iarratas ar Chárta Cuartaíochta Dochtúra do mo pháiste paistí .
- Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha mar chuid den iarratas seo cruinn chomh fada agus is eol dom/ dúinn.
- Aontaím go ndéanfaidh FSS, nuair a bheidh incháilitheacht á measúnú, in éagmais doiciméadú tacaíochta, go rachaidh sé i dteagmháil le Ranna Rialtais eile  san áireamh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim trí chórais fíor-ama chun faisnéis ba chóir a sholáthar mar dhoiciméid tacaíochta a dhearbhú.
- Aontaím a chur in iúl láithreach do FSS faoi aon athruithe a d'fhéadfadh cur isteach ar m'incháilitheacht/ár gcáilíocht do sheirbhísí sláinte.
- Tugaim cead do Cártaí Leighis Náisiúnta FSS a chur ar an eolas faoi aon athrú i mo sheoladh nó ar mo shonraí pearsanta eile ionas gur féidir le FSS mo shonraí pearsanta a bheith cruinn agus suas go dáta

Sínigh anseo le do thoil: ______________________ Dáta: | D | D | M | M | Y | Y | Y | Y |

Mura bhfuil tú ábálta an fhoirm a shíniú, ba cheart do mharc a dhéanamh thíos anseo.  Cuir do mharc anseo:

## Cabhair agus eolas

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar Chárta Cuairte Dochtúra do phaistí  faoi 8 mbliana?**

Is féidir le tuismitheoirí nó caomhnóirí paistí  faoi 8 mbliana (a chónaíonn nó a bheartaíonn cónaí i bPoblacht na hÉireann ar feadh bliana ar a laghad) a pháiste/paistí faoi 8 mbliana a chlárú le haghaidh Cárta Cuarte Dochtúra..

**Cad iad na sonraí atá ag teastáil chun an fhoirm seo a chomhlánú?**

Comhlánaigh gach cuid den fhoirm seo.

1. Sonraí an tuismitheora nó an chaomhnóra (tuismitheoir nó caomhnóir amháin)
3. Rogha DT
2. Sonraí do pháiste (nó páistí )
5. Dearbhú agus toiliú

**Seol an fhoirm chomhlánaithe seo chuig:**

An tAonad Náisiúnta um Chártaí Leighis, Cártaí Cuarte Dochtúra faoi 8 Bosca Poist 12629, Baile Átha Cliath 11. An raibh a fhios agat gur féidir leat é seo a sheoladh ar ríomhphost chugainn ag PCRS.Applications@hse.ie seachas d'iarratas agus na doiciméid tacaíochta a chuir sa phost.

**Cad a tharlaíonn má fhreastalaíonn mo pháistí ar Dhochtúirí Teaghlaigh ar leith?**

Má fhreastalaíonn do pháiste (nó paistí ) ar Dhochtúirí Teaghlaigh ar leith, beidh ort foirm chlárúcháin ar leith a chomhlánú do gach páiste agus iarraidh ar gach DT foirm an pháiste a shíniú

**Tá Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra ag mo pháiste (nó paistí cheana féin. An gá dom an fhoirm seo a líonadh?**

Má tá Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra ag do pháiste  (nó paistí  cheana féin, ní gá duit an fhoirm seo a chomhlánú mar go bhfuil do pháiste (nó paistí ) ag fáil seirbhísí DT saor in aisce cheana féin.

**Tá mo phaiste  beagnach 8. An cheart dom iad a chlárú faoin scéim seo fós?**

Sea, cláraigh le do thoil gach páiste faoi 8 mbliana d'aois. Aireofar do pháiste sna scéim seo go dtí deireadh na míosa dá c(h)uid breithlá d'ocht mbianna.

**Tá iarratas déanta agam ar Chárta Leighis nó ar Chárta Cuarte Dochtúra. Ar cheart dom an fhoirm seo a chomhlánú freisin?**

Má tá iarratas déanta agat cheana féin ar Chárta Leighis nó ar Chárta Cuairte Dochtúra, déanfaimid measúnú ar d'iarratas ar cheann de na cártaí sin. Má cháilíonn do theaghlach le haghaidh Cárta Leighis nó Cárta Cuartaíochta Dochtúra, gheobhaidh gach ball den teaghlach Cárta Leighis/Cárta Cuairte Dochtúra. Mura n-éiríonn le d'iarratas ar Chárta Leighis nó ar Chárta Cuairte  Dochtúra, gheobhaidh do pháiste  (nó paistí) faoi 8 mbliana d'aois Cárta Cuairte Dochtúra Faoi 8 go huathoibríoch.

## Seicliosta

- ☐ An bhfuil do shonraí comhlánaithe agat, san áireamh  do shonraí teagmhála?
- ☐ An bhfuil sonraí do pháiste (nó paistí) comhlánaithe agat?
- ☐ Ar roghnaigh tú dochtúir teaghlaigh agus an bhfuil Cuid 3 líonta agus stampáilte ag an DT?
- ☐ Ar léigh tú an dearbhú agus ar shínigh tú é?

Má tá aon cheist agat  sula  seolann tú an fhoirm, cuir glaoch ar 0818 22 44 78 le do thoil.

**Seol d'fhoirm chomhlánaithe chuig:**

**Aonad Náisiúnta Cártaí Leighis**
**Cártaí Cuairte Dochtúra Faoi 8**
**Bosca Poist 12629**
**Baile Átha Cliath 11**

**nó trí ríomhphost: PCRS.applications@HSE.ie**